

Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

An Tasc Measúnaithe

Nollaig 2019

An Clár Ábhar

An Réamhrá	4
Sceideal Thasc Measúnaithe an Staidéir Gnó	5
Leabhráin a chur isteach	5
An próiseas chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích	6
An chéad céim (Tréimhse ranga 1): Plé agus machnamh (40 nóiméad)	6
An dara céim (Tréimhse ranga 2): Leabhrán an tasc measúnaithe a chur i gcrích agus a chur isteach (40 nóiméad)	8
Seicliosta don mhúinteoir	9
Aguisín 1: Teimpléad samplach de thasc measúnaithe	10
Aguisín 2: Na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2	13
Na Gnéithe Cáilíochta: Cur i láthair	13
Aguisín 3: Bileog féinmhachnaimh an scoláire	14

An Réamhrá

Cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe scríofa i gcrích, atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i Staidéar Gnó. Is fiú 10% é de na marcanna a úsáidfeadh chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach. Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe le cineál agus le fócas Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair.

Is é aidhm an Tasc Measúnaithe go ndéanfadh an scoláire machnamh dírithe ar a Chur i láthair aonair le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- A chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an gcur i láthair
- A chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé agus é i mbun an chuir i láthair
- A chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar imir tabhairt faoin gcur i láthair tionchar ar a dhearcthaí/mheonta/thuairimí.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar Leibhéal Comónta agus cuirfeadh cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a chuirfeadh. Tá dhá chéim i gceist leis: ar an gcéad dul síos, pléitear agus déantar machnamh ar an gcur i láthair agus ar a thaithí mar láithreoir; agus ansin, scríobhtar agus críochnaítear leabhrán an Tasc Measúnaithe.

Sceideal Thasc Measúnaithe an Staidéir Gnó

Cuirfear Tasc Measúnaithe an Staidéir Gnó i gcrích i rith na tréimhse ó **Dé Luain, 6 Eanáir go Dé Luain, 23 Márta 2020.**

Cuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích thar 80 nóiméid i dtréimhse rang dúbailte nó thar thréimhse dhá rang aonair. Roinntear an 80 nóiméad ina dhá chéim: Úsáidtear an chéad chéim (40 nóiméad) chun críche an ullmhaithe; úsáidtear an dara céim (40 nóiméad) chun freagra an scoláire ar an tasc a scríobh.

Tabhair faoi deara: Tá teimpléad samplach de Thasc Measúnaithe le feiceáil in Aguisín 1.

Leabhráin a chur isteach

Scríobhtar freagairt an scoláire i leabhrán pro-forma agus cuireann an scoil na leabhráin chomhlánaithe le haghaidh an Tasc Measúnaithe ar aghaidh de réir na socruithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú scríofa le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh i Staidéar Gnó.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba cheart don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

An próiseas chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích

Tá an Tasc Measúnaithe bunaithe ar an dara Measúnú Rangbhunaithe le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Tá dhá thosaíocht ag baint leis an Measúnú Rangbhunaithe, Cur i láthair seo: deis a thabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna ón bhfíorshaol, agus a chuid scileanna cumarsáide a fhorbairt. Tugann an Cur i láthair deis don scoláire: an fheasacht atá aige mar fhoghlaimoír a fhorbairt; measúnú a dhéanamh ar fhianaise agus machnamh a dhéanamh ar a luachanna; a chumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach a léiriú ag úsáid raon uirlisí atá coitianta sa timpeallacht ghnó; agus cinntí agus moltaí ciallmhara a dhéanamh.

Caithfidh an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair a chur i gcrích sula gcuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích.

An chéad chéim (Tréimhse ranga 1): Plé agus machnamh (40 nóiméad)

Plé (Moltar thart ar 20 nóiméad a chaitheamh air seo)

Beidh an plé bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair (féach ar Aguisín 2).

Cuirfidh an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta i láthair agus iarrfaidh sé ar na scoláirí na gnéithe a phlé i dtaobh chur i láthair aonair an scoláire. Ba chóir go mbeadh a nótaí pearsanta don chur i láthair agus ábhair tacaíochta ar fáil do gach scoláire. Is féidir leis an múinteoir bileog féinmhachnaimh an scoláire a roinnt leis an rang chun an plé a scafláil, má thograíonn sé é (féach ar Aguisín 3).

Úsáidfidh an scoláire plé lena chomhscoláirí chun a obair féin a phlé agus chun aiseolas a thabhairt dá chomhscoláirí. Is féidir an plé a dhéanamh i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus/nó leis an rang ar fad.

Machnamh (Moltar thart ar 20 nóiméad a chaitheamh air seo)

Ba chóir am a thabhairt don scoláire chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta agus ar an bplé óna thaobh féin de bunaithe ar a chur i láthair féin. Ba chóir go mairfeadh an machnamh thart ar 20 nóiméad. Meastar gur am machnaimh ciúin a bheadh anseo. Is féidir leis an scoláire nóta a dhéanamh de phointí a tarraingíodh anuas i rith an phlé ar na Gnéithe Cáilíochta agus is féidir leis freisin bileog féinmhachnaimh an scoláire a úsáid mar leid (féach ar Aguisín 3), má thograíonn sé é.

Ag tacú leis an bplé faoi na Gnéithe Cáilíochta

D'fhéadfadh an múinteoir iarraidh ar na scoláirí cuid de na ceisteanna seo a leanas a mheas mar spreagthach don phlé faoi na Gnéithe Cáilíochta maidir le cuir i láthair na scoláirí.

- Scileanna Cumarsáide (lena n-áirítear, mar shampla, mé féin a chur in iúl, teanga a úsáid, uimhreacha agus sonraí, agus cur i láthair)
 - Meas tú céard iad láidreachtaí do scileanna cumarsáide?
 - Cén ghné de do scileanna cumarsáide ba mhaith leat a fheabhsú?
- Struchtúr an chuir i láthair
 - Cén struchtúr a d'úsáid tú don chur i láthair?
 - Cén fáth ar roghnaigh tú an struchtúr sin?
 - Cé chomh héifeachtach is a bhí an struchtúr sin dar leat?
- Eolas agus tuiscint
 - Cén t-eolas nua a d'fhoghlaim tú faoi do thopaic?
 - Cén fáth a gceapann tú go bhfuil an t-eolas sin tábhachtach?
- Tacú le cumarsáid
 - Cén t-ábhar tacaíochta a d'úsáid tú?
 - Cén fáth ar roghnaigh tú an t-ábhar tacaíochta sin?
 - Cé chomh héifeachtach is a bhí an t-ábhar tacaíochta sin dar leat?
- Féinmhachnamh
 - Céard iad láidreachtaí agus laigí do chuir i láthair ar an iomlán dar leat?
 - Ar athraigh do dhearcadh nó do thuairim faoi do thopaic tar éis duit an cur i láthair a dhéanamh?
 - Cén chaoi a bhfeabhsófa do chur i láthair dá mbeadh ort é a dhéanamh arís?

An dara céim (Tréimhse ranga 2): Leabhrán an taisc measúnaithe a chur i gcrích agus a chur isteach (40 nóiméad)

Leabhrán an taisc measúnaithe a chur i gcrích (Moltar thart ar 35 nóiméad a chaitheamh air seo)

Is féidir leabhrán an taisc measúnaithe a chur i gcrích i rith an chéad rang Staidéar Gnó eile atá agat leis an ngrúpa ranga. Ba chóir go mairfeadh an scríobh sa leabhrán thart ar 35 nóiméad.

Mar a tharla roimhe seo, is féidir leis an scoláire na nótaí don chur i láthair, an t-ábhar tacaíochta don chur i láthair agus bileog féinmhachnaimh an scoláire a choinneáil leis agus an leabhrán á chur i gcrích.

Cuireann gach scoláire an leabhrán i gcrích astu féin go neamhspleách, agus an múinteoir i mbun maoirseachta gan idirghabháil/cúnamh a thabhairt, seachas nuair a theastaíonn tacaíocht chun bacainní don fhoghlaim a bhaint, de réir na dtacaíochtaí a bhíonn ar fáil don scoláire i rith na scoilbhliana.

Tá teimpléad samplach de thasc measúnaithe leis na treoirlínte seo (féach ar Aguisín 1).

Cur isteach an leabhráin (suas le 5 nóiméad)

Cuireann gach scoláire lipéad soiléir ar a leabhrán freagartha agus leanann an múinteoir nósanna imeachta na scoile chun na leabhráin a stóráil agus a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Seicliosta don mhúinteoir

Roimh ré:

- Bíodh cóip de na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2 ar fáil duitse agus do na scoláirí
- Bíodh cóipeanna de bhileog féinmhachnaimh an scoláire ar fáil do na scoláirí, má thograíonn tú é
- Cinntigh go bhfuil a nótaí pearsanta don chur i láthair agus ábhair tacaíochta ar fáil do gach scoláire.

I rith na chéad chéime (Tréimhse ranga 1):

- Cuir am ar leataobh le haghaidh plé ranga/grúpa/scoláirí bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2
- Cuir am ar leataobh le haghaidh machnamh ciúin ar chur i láthair aonair na scoláirí agus ábhar tacaíochta.

I rith an dara céim (Tréimhse ranga 2):

- Maoirsigh an rang agus na scoláirí ag scríobh a bhfreagraí sa leabhrán.

Ina dhiaidh:

- Cruinnigh na leabhráin, a bhfuil lipéad soiléir orthu ar fad, agus ansin lean nósanna imeachta bunaithe na scoile chun iad a stóráil agus a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Tabhair faoi deara: Má tá do chuid scoláirí ag tabhairt faoin Tasc Measúnaithe i rith rang dúbailte, tá na céimeanna céanna thuasluaite i bhfeidhm ach go ndéantar iad i rith 80 nóiméad tréimhse ranga dhúbailte amháin.

Aguisín 1: Teimpléad samplach de thasc measúnaithe

Roinn A: Machnamh ar mo chuid eolais agus ar mo thusicint

Ceist 1

10 marc

Luaigh teideal do chuir i láthair.

Tabhair forléargas achomair ar roinnt eolais nua a d'fhoghlaim tú ar thopaic do chur i láthair.

Mínigh an fáth a gceapann tú go bhfuil an t-eolas nua seo tábhachtach.

Roinn B: Machnamh ar mo scileanna mar láithreoir

Ceist 2

10 marc

Scríobh freagra ar (a) nó (b). Cuir tic sa bhosca le hais do rogha.

(a) Míneigh an dóigh ar tháinig forbairt ar do scileanna cumarsáide mar láithreoir le linn duit do chur i láthair a chur i gcrích.

NÓ

(b) Míneigh an dóigh ar chuidigh na hábhair thacaíochta a roghnaigh tú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le do sprioclucht éisteachta/féachana.

Roinn C: Féinmhachnamh

Ceist 3

10 marc

Scríobh freagra ar (a) **nó** (b). Cuir tic sa bhosca le hais do rogha.

- (a) Míneigh an dóigh ar athraigh do mheon nó do bharúil ar do thopaic de bharr do chur i láthair a chur i gcrích.

NÓ

- (b) Déan cur síos ar an dóigh a bhfeabhsófa do chur i láthair dá mbeifeá á dhéanamh arís.

Aguisín 2: Na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2

Na Gnéithe Cáilíochta: Cur i láthair

Thar barr ar fad

- Taispeánann an scoláire deisbhéalai agus muinín ó thaobh na cumarsáide de, léiríonn sé eolas fíorchuimsitheach ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair an-mhaith.
- Taispeántar cruthaitheacht san ábhar tacaíochta a roghnaíodh agus baintear leas an-éifeachtach as chun an sprioclucht féachana a mhealladh.
- Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán den scoth, léirítear go soiléir an chaoi ar fhorbair nó ar athraigh tuairim an scoláire de réir a chéile.

Os cionn na n-ionchas

- Déanann an scoláire cumarsáid shoiléir, inniúil agus mhuinéach, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair go maith.
- Tá an t-ábhar tacaíochta roghnaithe go maith chun spéis a mhúscailt sa lucht féachana, taispeántar roinnt cruthaitheachta agus tacaítear leis an gcur i láthair ó bhéal.
- Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán an-ard.

Ag teacht leis na hionchais

- Déanann an scoláire cumarsáid mhaith, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, ach níl dóthain muiné aige agus tá an cur i láthair doiléir in áiteanna.
- Tá an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh oiriúnach ach ní bhaintear leas iomlán as.
- Taispeánann an scoláire go bhfuil sé in ann machnamh a dhéanamh ar a dhearcadh féin ar an ábhar.



Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- Ní dhéanann an scoláire cumarsáid go soiléir ná go muinéach, léiríonn sé eolas an-teoranta ar an ábhar, agus níl struchtúr an chuir i láthair go maith.
- Úsáidtear an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh ar bhealach bunúsach.
- Tá machnamh an scoláire ar an ábhar caol agus ar dhroch-chaighdeán.

Aguisín 3: Bileog féinmhachnaimh an scoláire


Scileanna cumarsáide

- Meas tú céard iad láidreachtaí do scileanna cumarsáide?
- An bhfuil gné de do scileanna cumarsáide ba mhaith leat a fheabhsú? Má tá, cén chaoi a dtabharfá faoin ngné sin a fheabhsú?



Féinmhachnamh


- Céard iad láidreachtaí agus laigí do chuir i láthair ar an iomlán dar leat?
- Ar athraigh do dhearcadh nó do thuairim faoi do thopaic tar éis duit an cur i láthair a dhéanamh?
- Cén chaoi a bhfeabhsófa do chur i láthair dá mbeadh ort é a dhéanamh arís?



- Cén t-eolas nua a d'fhoghlaim tú faoi do thopaic?
- Cén fáth a gceapann tú go bhfuil an t-eolas sin tábhachtach?

Struchtúr do chuir i láthair

- Cén struchtúr a d'úsáid tú don chur i láthair?
- Cén fáth ar roghnaigh tú an struchtúr sin?
- Cé chomh héifeachtach is a bhí an struchtúr sin dar leat?



Ag tacú le do chur i láthair

- Cén t-ábhar tacaíochta a d'úsáid tú?
- Cén fáth ar roghnaigh tú an t-ábhar tacaíochta sin?
- Cé chomh héifeachtach is a bhí an t-ábhar tacaíochta sin dar leat?

